RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/782 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Bealtaine 2022

lena dtarraingítear siar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach isipiorasam i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1037/2012 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(3) agus Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1037/2012 ón gCoimisiún ([2]) rinneadh isipiorasam a fhormheas mar shubstaint ghníomhach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaíodh é i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón Coimisiún ([3]).

(2) An 10 Nollaig 2020 ghlac an Coiste um Measúnú Riosca de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán tuairim ([4]) i gcomhréir le hAirteagal 37(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) inar tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann isipiorasam na critéir chun go n-aicmeofaí é mar shubstaint thocsaineach le haghaidh an atáirgthe de chatagóir 1B agus mar shubstaint charcanaigineach de chatagóir 2.

(3) Dá réir sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún ([6]) leasaíodh Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus aicmíodh isipiorasam mar shubstaint thocsaineach le haghaidh an atáirgthe de chatagóir 1B.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1037/2012 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2012 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach isipiorasam, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 308, 8.11.2012, lch. 15).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([4]) An Coiste um Measúnú Riosca, Tuairim lena moltar aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le haghaidh Mais imoibriúcháin de 3-(défhluaramheitil)-1-meitil-N-[(1RS,4SR,9RS)-1,2,3,4-teitrihidrea-9-iseapróipil-1,4-meatánónaftailéan-5-il] piorasól-4-carbocsaimíd agus 3-(défhluaraimeitil)-1-meitil-N-[(1RS,4SR,9SR)-1,2,3,4-teitrihidrea-9-iseapróipil-1,4-meatánónaftailéan-5-il]piorasól-4-carbocsaimíd [>78 % *sin* isiméirí <15 % *frith* isiméirí de chion coibhneasta]; isipiorasam. Uimhir CE: - Uimhir CAS: 881685-58-1 CLH-O-0000006915-65-01/F, arna glacadh an 10 Nollaig 2020.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/692 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena leasaítear, chun í a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 129, 3.5.2022, lch. 1).

(4) Faoi phointe 3.6.4. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ní fhormheasfar substaint ghníomhach ach amháin mura n-aicmítear í ná mura mbeidh sí le haicmiú i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar shubstaint thocsaineach le haghaidh an atáirgthe de chatagóir 1B, mura mbeidh nochtadh an duine don tsubstaint ghníomhach sin i dtáirge cosanta plandaí, faoi choinníollacha réalaíocha úsáide a bheartaítear, diomaibhseach.

(5) Maidir le húsáidí ionadaíocha isipiorasam, sáraíonn iarmhair isipiorasam ar bhia agus beatha an luach réamhshocraithe de réir bhrí Airteagal 18(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), agus dá bhrí sin ní chomhlíontar coinníoll an nochta dhiomaibhsigh i ndáil le nochtadh cothúcháin.

(6) Dá réir sin ní chomhlíonann isipiorasam a thuilleadh an critéar formheasa a leagtar síos i bpointe 3.6.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, chuir an Coimisiún in iúl do na Ballstáit, don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus don iarratasóir gur mheas sé nach bhféadtar an critéar formheasa arna leagan síos i bpointe 3.6.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chomhlíonadh a thuilleadh ós rud é go gcomhlíonann isipiorasam na critéir lena aicmiú mar shubstaint thocsaineach le haghaidh an atáirgthe de chatagóir 1B agus d'iarr sé ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach.

(8) Níor sholáthair an t-iarratasóir aon fhaisnéis chun nochtadh diomaibhseach a léiriú ná aon fhianaise go gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 4(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, maidir le substaintí atá riachtanach chun contúirt thromchúiseach i leith sláinte phlandaí a rialú ar contúirt í nach féidir a shrianadh ar mhodhanna eile atá ar fáil.

(9) Dá réir sin, is iomchuí an formheas ar isipiorasam a tharraingt siar.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir agus ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1037/2012 a aisghairm.

(11) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil isipiorasam a tharraingt siar.

(12) Maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil isipiorasam, i gcás ina ndeonóidh na Ballstáit aon tréimhse chairde i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart an tréimhse sin a bheith chomh gearr agus is féidir agus gan bheith níos faide ná 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(13) Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach maidir leis an tsubstaint ghníomhach isipiorasam a fhormheas de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(14) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An formheas a tharraingt siar

Tarraingítear siar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach isipiorasam.

([7]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

I gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, scriostar ró 27 maidir le hisipiorasam.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

Déanfaidh na Ballstáit údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil isipiorasam a tharraingt siar mar shubstaint ghníomhach faoin 8 Meán Fómhair 2022.

Airteagal 4

Tréimhse chairde

Aon tréimhse chairde a dheonaíonn na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rachaidh sí in éag faoin 8 Nollaig 2022.

Airteagal 5

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1037/2012.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN